# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2020

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Ceol

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)**

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 1 | • Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag séis agus rithim<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 39 – 40<br>36 – 38<br>34 – 35 |
| | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 |
| | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 26 – 27<br>24 – 25<br>22 – 23 |
| | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 20 – 21<br>18 – 19<br>16 – 17 |
| | • Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe.* | 14 – 15<br>12 – 13<br>10 – 11 |
| | • Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaíodh aon uirlis.* | 8 – 9<br>6 – 7<br>4 – 5 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 3<br>1<br>0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 2 | • "Ceangal" sármhaith idir focail agus ceol<br>• Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 39 – 40<br>36 – 38<br>34 – 35 |
| | • "Ceangal" an-mhaith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 |
| | • "Ceangal" maith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 26 – 27<br>24 – 25<br>22 – 23 |
| | • "Ceangal" réasúnta idir focail agus ceol<br>• Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 20 – 21<br>18 – 19<br>16 – 17 |
| | • “Drochcheangal" idir focail agus ceol<br>• Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochthuiscint ar threo<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 14 – 15<br>12 – 13<br>10 – 11 |
| | • “Fíor-dhrochcheangal" idir focail agus ceol<br>• Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach* | 8 – 9<br>6 – 7<br>4 – 5 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 3<br>1<br>0 |
| | Gan téacs curtha isteach | 0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 3 | • Coinnítear iomláine rithimeach an damhsa go sármhaith<br>• Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag séis agus rithim<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go sármhaith leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 39 – 40<br>36 – 38<br>34 – 35 |
| | • Coinnítear iomláine rithime an damhsa go han-mhaith<br>• Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go han-mhaith leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 |
| | • Iarracht mhaith chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go maith leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 26 – 27<br>24 – 25<br>22 – 23 |
| | • Iarracht réasúnta chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go réasúnta leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 20 – 21<br>18 – 19<br>16 – 17 |
| | • Drochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Drochábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>• Cloítear go dona leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe* | 14 – 15<br>12 – 13<br>10 – 11 |
| | • Fíor-dhrochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>• Cloítear go han-dona leis an struchtúr tugtha<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaíodh aon uirlis* | 8 – 9<br>6 – 7<br>4 – 5 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 3<br>1<br>0 |

## ROINN B – ARMÓIN (60 marc)

| C | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|
| 4 | Séis | • Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe | 39 – 40<br>36 – 38<br>34 – 35 | 40 |
| | | • Stíl agus samhlaíocht an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 | |
| | | • Stíl agus samhlaíocht mhaith<br>• Feasacht mhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe | 26 – 27<br>24 – 25<br>22 – 23 | |
| | | • Stíl agus samhlaíocht réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe | 20 – 21<br>18 – 19<br>16 – 17 | |
| | | • Drochstíl agus samhlaíocht<br>• Drochfheasacht ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe | 14 – 15<br>12 – 13<br>10 – 11 | |
| | | • Fíor-dhrochstíl agus samhlaíocht<br>• Fíor-dhrochfheasacht ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe | 8 – 9<br>6 – 7<br>4 – 5 | |
| | | Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 3<br>1<br>0 | |
| | Dord | 0.5 marc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda<br>(0.5 X 20) (Tuinairde cheart san áit cheart ar bhonn rithimeach) | 10 | 20 |
| | | Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil (féach an tábla thíos) | 10 | |

| Caighdeán na Dordlíne | |
|---|---|
| • Dordlíne shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar stíl | 8 – 10 |
| • Dordlíne an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar stíl | 6 – 7 |
| • Dordlíne mhaith<br>• Feasacht mhaith ar stíl | 4 - 5 |
| • Dordlíne réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar stíl | 2 - 3 |
| • Droch-dhordlíne<br>• Drochfheasacht ar stíl | 0 - 1 |

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="4">5</td><td rowspan="2">Cordaí</td><td>• 1 mharc as gach corda ar cuid de réimniú maith é i ngach bosca cordaí</td><td>24</td><td rowspan="2">36</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na réimnithe ceoil i stíl na hoscailte tugtha
<table>
<tr><th>Cáilíocht na Réimnithe Cordaí</th><th></th></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí sármhaithe</td><td>11 – 12</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí an-mhaith</td><td>8 - 10</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí maithe</td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí réasúnta</td><td>3 - 4</td></tr>
<tr><td>Drochréimnithe cordaí</td><td>0 - 2</td></tr>
</table></td><td>12</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 marc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda atá ceart</td><td>12</td><td rowspan="2">24</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil
<table>
<tr><th>Caighdeán na Dordlíne</th><th></th></tr>
<tr><td>• Dordlíne shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar stíl</td><td>11 – 12</td></tr>
<tr><td>• Dordlíne an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar stíl</td><td>8 - 10</td></tr>
<tr><td>• Dordlíne mhaith<br>• Feasacht mhaith ar stíl</td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td>• Dordlíne réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar stíl</td><td>3 - 4</td></tr>
<tr><td>• Droch-dhordlíne<br>• Drochfheasacht ar stíl</td><td>0 - 2</td></tr>
</table></td><td>12</td></tr>
</table>

**Réimnithe Cordaí – Pointí ginearálta**

- Ní ghlacfar leis an gcorda céanna i mboscaí le hais a chéile murar athraíodh an dord nó murar cuireadh 7aigh isteach
- Ní mór go mbeadh an seachtrán agus an iarmhír, nuair is ábhartha iad, go hiomlán ceart ionas go mbronnfar marc
- Ní bhronnfar marcanna as cordaí go haonaránach. Ní mór go mbeadh cordaí mar chuid de réimniú maith.

- Ní ghlactar le $V^7$ - V
- Ní mór go ginearálta do I a bheith i ndiaidh Vb nó $V^7$b
- Ní ghlactar go ginearálta le V – ii
- Ní ghlactar go ginearálta le ii – I ach amháin mar chur chuige i dtaca le Ic i ndúntach 6/4
- Ní mór go mbeadh dúntach 6/4 ar an gceann is láidre den dá bhuille agus ag pointe dúnta
- Ní mór 7aigh tánaisteach, más úsáidtear é, a úsáid i gceart, i.e. ní mór do chorda a bhfuil a fhréamh 4ú corda níos airde teacht ina ndiaidh

**Dordlíne**

- Gan aon dúbailt ar mhórthréach faoi shiombail corda

| C | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|
| 6 | Cordaí | • 1 mharc as gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith cordaí é (1 X 20) | 20 | **20** |
| | Forshéis | • Líne forshéise shármhaith laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go sármhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 39 – 40<br>36 – 38<br>34 – 35 | **40** |
| | | • Líne forshéise an-mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go han-mhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 | |
| | | • Líne forshéise mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go maith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 26 – 27<br>24 – 25<br>22 – 23 | |
| | | • Líne forshéise réasúnta, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go réasúnta le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 20 – 21<br>18 – 19<br>16 – 17 | |
| | | • Drochlíne forshéise, laistigh den chreat harmónach<br>• Cloítear go dona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 14 – 15<br>12 – 13<br>10 – 11 | |
| | | • Fíor-dhrochlíne forshéise, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go fíordhona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 8 – 9<br>6 – 7<br>4 – 5 | |
| | | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 3<br>1<br>0 | |

## Nótaí Ginearálta do Scrúdaitheoirí

**1.** Marcáil cáilíocht fhoriomlán na ráiteas/an chuir síos.

**NB Ní féidir marcanna iomlána a bhronnadh ach le haghaidh ráiteas/cur síos atá go hiomlán i gceart.**

**2.** Áit a bhfuil rogha ceisteanna le freagairt (C5B), má fhreagraíonn iarrthóir níos mó ná aon cheist amháin, marcáil gach freagra agus bronn na marcanna ón bhfreagra is fearr.

**3.** I gceisteanna ina n-iarrtar ar an iarrthóir méid sonrach gnéithe/uirlisí a aithint/a ainmniú/a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart breise ceann ceart.

| | | |
|---|---|---|
| | **Ceist 1 – 25 marc** | |
| | **Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band leis na Beatles.**<br>**Sliocht 1: When I'm 64, Barraí 56 – 72** | |
| **(a)** | Suas le 2 mharc le haghaidh gné cheart amháin den cheol gutha a shainaithint i línte 1-2<br>**Mar shampla:**<br>tríchordach; tonúlacht mhion/mhódúlach; figiúr athdhéanta (2 nóta); gluaiseann (den chuid is mó) de léim; raon cúng/raon an tséigh; rithim luasctha; sioncóipiú; rithim phoncaithe; móitíf athfhillte; nótaí athfhillte;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc<br><br>gluaiseann le céim = 0;<br>amhránaí aonréadach/le glór fireann = 0;<br>tagairt don dinimic / do luas / don uigeacht = 0; | 2 |
| **(b)** | Suas le 3 mharc le haghaidh cur síos bailí ar an gcaoi ina n-athraíonn an ceol gutha i líne 3.<br>**Mar shampla:**<br>ní haonréadach a thuilleadh í; fonnadóireacht taca/cór curtha léi; armóin (ghutha) curtha léi; tuinairde níos mó sa chuid aonréadach; laghdú/ laghdú luachanna faoina leath sa 2ú cuid/fonnadóireacht taca; cuntraphointeach; aithris; | 3 |
| **(c)** | Suas le 3 mharc as cur síos bailí ar ghné amháin den tionlacan uirlise i línte 1 -4<br>**Mar shampla:**<br>croisín/nótaí athdhéanta ar (dhord)-druma; (dord)-nótaí athdhéanta ar dhordghiotár; tréacha athdhéanta/figiúirí athdhéanta ar phianó; tréacha (síos) ar chlairinéidí; sleamhnú (snagcheolúil) ar chlairinéid; líne armóine gutha dúbailte do chlairinéidí; seachtach maolaithe + tagairt; úsáid clingíní (glactar le ceolá(i)n) + tagairt; | 3 |
| **(d)** | neamhfhoirfe | 2 |
| | **Sleachta 2 & 3: She's Leaving Home**<br>**Barraí 1 – 36** | |
| **(e)** | **Barraí 5 - 10**<br>Tuinairde amháin (rithim tugtha)<br>0.5 le haghaidh gach tuinairde cheart.<br>Marcáil na chéad 4 nóta ó chlé go deas:<br> | 2 |
| **(f)** | **Barraí 1 – 36**<br><br>Suas le 2 mharc an ceann as dhá chur síos bhailí ar an tionlacan sa sliocht.<br>**Mar shampla:**<br>cordaí briste sa chláirseach (oscailt an tsleachta); bloc-chordaí sa chláirseach; sleachta scála (le linn amhránaíochta); nótaí coinneáilte; sioncóipiú; | 2 + 2 |

| **Sliocht 4: Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band**<br>**Véarsa 1** | | |
|---|---|---|
| **(g)** | Suas le 3 mharc as cur síos ar ghné bhailí amháin d'oscailt an tsleachta sin (sula dtagann na guthanna isteach).<br><br>**Mar shampla:**<br><br>maisíochtaí fuaime / torann ón lucht éisteachta / tiúnáil na n-uirlisí; táthar ar bís ann / tá cumas amuigh faoin aer leis; éiríonn an t-éisteoir ina chuid den lucht éisteachta ag ceolchoirm amuigh faoin aer;<br><br>Glac le tagairtí do thaifeadadh / theicnící léiriúcháin. | 3 |
| **(h)** |  | 2 |
| **(i)** | Suas le 2 mharc as gach ceann de dhá ghné bhailí den cheol a thagann go díreach i ndiaidh an tsleachta (na chéad 5 bharra eile - an t-idircheol amháin).<br><br>**Mar shampla:**<br><br>bualadh bos ón lucht éisteachta/fuaimeanna sampláilte; tagann coirn Francacha isteach/seinntear iad; uigeacht ilfhónach; tagann athrú gléis (f mórghléis); gluaiseacht leathchamáin; críochnaíonn le corda $D^7$; dordlíne síos (le dordghiotár); dord ton-cheannasach (le dordghiotár);<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 + 2 |

| Ceist 2 – 10 marc | | |
|---|---|---|
| **Symphonie Fantastique le Berlioz**<br>**Sliocht 1: Un Bal, Barraí 120 – 148** | | |
| **(a)** | Suas le 1.5 mharc as gach ceann de dhá ghné bhailí den tséis a chloistear sa sliocht<br><br>**Mar shampla:**<br>sioncóipiú; f mórghléis; creatlach nótaí oscailte in f mórghléis; athdhéanamh séise ag ceathrach níos ísle/ in C mórghléis; athdhéantar an tséis le tuinairde níos ísle; tá gné thríchordach ann; seicheamh;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc<br>Tagairt don dinimic / uigeacht = 0 | 1.5+1.5 |
| **(b)** | Suas le 2 mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí amháin den tionlacan sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br><br>veidhlíní & viólaí creatháin (*tremolo)* / téada uachtaracha (seinnte *pppp*); seinneann dordveidhilí agus doird arpéitsí síos / suas (staccato); seinneann dordveidhilí agus doird figiúr suaite; seinneann Veidhlín a haon an barra (na barraí) oscailte den phríomhthéama (válsa); seinneann an vióla (beagnach an chéad mhír iomlán de) théama an válsa; dordveidhilí, tugann doird agus veidhlín a dó réthionlacan (stíle) / tionlacan válsa;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 |
| **Sliocht 2: Un Bal, Barraí 302 – 319** | | |
| **(c)** | Clairinéid | 1.5 |
| **(d)** | Nótaí troitheánacha | 1.5 |
| **(e)** | (i) *Idée Fixe*<br><br>(ii) Suas le 1.5 mharc le haghaidh cúis bhailí | 0.5<br><br>1.5 |

| Ceist 3 – 10 marc | | |
|---|---|---|
| **Coinséartó Pianó i mórghléas A K488 le Mozart**<br>**Sliocht 1: Gluaiseacht 1, Barraí 198 – 213** | | |
| **(a)** | athfhoilsiú | 1 |
| **(b)** | seicheamh | 2 |
| **(c)** | Suas le 2 mharc le haghaidh cur síos bailí ar dhifríocht cheart amháin sa tséis nuair a sheinneann an t-aonréadaí é i mbarraí 9-16.<br><br>**Mar shampla:**<br>**Barraí 9-16**<br>Maisiú/maisenótaí<br>Tuinairde (ochtach) níos airde<br>Sleachta ar scála leathchamáin<br>Cordaí briste<br>Seinntear an tséis ar phianó<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 |
| **Sliocht 2: Gluaiseacht 1, Barraí 213 - 228** | | |
| **(d)** | Suas le 2 mharc as cur síos bailí ar ghné cheart amháin den cheol pianó sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br>scálaí (suas / síos); ornáidiú; leathchamáin; cordaí briste; ochtacha (síos);<br><br>freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 |
| **(e)** | Scálaí síos | 2 |
| **(f)** | Mórghléas | 1 |

| **Ceist 4 – 10 marc** | | |
|---|---|---|
| **Seachanges with Danse Macabre le Raymond Deane**<br>**Barraí 141 – 157** | | |
| **(a)** | mór(chorda) | 2 |
| (b) | Suas le 2 mharc do shainaithint gné cirte amháin den cheol a sheinntear ar an bpianó<br><br>**Mar shampla:**<br>Poncaíonn an pianó an ceol le cordaí; braislí cordaí; | 2 |
| (c) | Suas le 2 mharc do thuairisc ar ghné bhailí ar bith den cheol a sheinntear ar an bhfeadóg mhór sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>tagann an tséis ó *Dies Irae*; laghdú; baintear leas as idirchéimeanna déach agus tréach; éiríonn níos airde de réir mar a théann an sliocht ar aghaidh; cleitirtheangú; éiríonn an tuinairde i bhfad níos airde; bogann de leathchamáin; seinntear an tséis ag tuinairde (fhíor-)ard;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 |
| (d) | mairimbe; dord-druma; ciombal; guíoró; gang; *crotales;*<br>Ceadaítear pianó<br><br>3 uirlis chearta éagsúla in ord ar bith.<br>0.5 mharc le haghaidh gach uirlis cheart. | 1.5 |
| (e) | Suas le 2.5 mharc le haghaidh cur síos ar an gcaoi ina léiríonn Deane íomhá an bháis in *Seachanges with Danse Macabre.*<br><br>**Mar shampla:**<br>Cur chuige ar nós carnabhail/féile a léirítear sa rithim *Totentanz*; *Totentanz*: “damhsa na marbh” ó na meánaoiseanna; úsáid maracas; rithimí ar nós an damhsa;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2.5 |

**Ceist 5 – 25 marc**

**Sliocht 1: Ríl (The Morning Nightcap + Port (The Lilting Banshee)**

**(a)**

| | An cineál damhsa | Amchomhartha | Barra rithime | |
|---|---|---|---|---|
| **Damhsa 1** | Ríl | 4/4 , 2/4 |  | .5+.5+.5 |
| **Damhsa 2** | Port | 6/8 |  | .5+.5+.5 |

**(b)** 2 uirlis éagsúla a éistear á seinm sa sliocht — 1+1

cairdín/bosca; feadóg; feadóg íseal/feadóg mhór; fidil; giotár; dordghiotár; bouzouki; bodhrán;

Ceadaítear consairtín/mileoidean/pianóchairdín

**Sliocht 2: Iarla ó Lionáird, Caoineadh na dTrí Mhuire**

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | sean-nós | 1 |
| **(d)** | Aon dá ghné chearta den amhránaíocht ar an sean-nós ar féidir iad a chloisteáil sa sliocht<br><br>**Mar shampla:**<br><br>ornáidíocht; *vibrato*; rithim shaor; srónaíl; aonréad/gan tionlacan; | 1.5+1.5 |
| **(e)** | 2 mharc le haghaidh gné amháin den tséis sa sliocht a shainaithint i gceart<br><br>**Mar shampla:**<br>an nóta deireanach athdhéanta; raon leathan; | 2 |

**Sliocht 3: Shaun Davey, Free and Easy ó Granuaile Suite**

| | | |
|---|---|---|
| **(f)** | dúblaítear líne na séise gutha | 2 |
| **(g)** | Suas le 2 mharc as cur síos bailí ar aon ghné neamhthraidisiúnta amháin den cheol sna línte 5-9<br><br>**Mar shampla:**<br><br>armóin ghutha; dhá ghuth ag amhránaíocht; tionlacan uirlise; | 2 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5B** | **Suas le 10 marc as cáilíocht na bhfreagraí agus eolas ar an topaic a roghnaíodh.** | | **10** |
| | Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | |
| | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe | 8-9 | |
| | Eolas maith ar an topaic, ach easpa mionsonraí. | 6-7 | |
| | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | |
| | Freagairt neamhleor don ábhar roghnaithe ar an iomlán. | 2-3 | |
| | Gan mórán freagairt don topaic roghnaithe le feiceáil | 1 | |
| | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe | 0 | |

| Ceist 6 – 20 marc | | |
|---|---|---|
| **Sliocht 1: Críoch-cheol, Ode, "To Joy" ó Shiansa Uimh. 9 i mionghléas D le Beethoven** | | |
| **(a)** | <br>.5 x 4 le haghaidh tuinairde agus rithime. Caithfidh an tuinairde agus an rithim a bheith ceart.<br>Marcáil na chéad 4 nóta ó chlé go deas i mbarra 6 | 2 |
| **(b)** | dordveidhil agus olldord<br>Ceadaítear vióla | 1+1 |
| **(c)** | ABB | 2 |

| **Sliocht 2: Críoch-cheol, Ode, "To Joy" ó Shiansa Uimh. 9 i mionghléas D le Beethoven** | | |
|---|---|---|
| **(d)** | Suas le 3 mharc le haghaidh cur síos bailí ar uigeacht an cheoil sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br>ilfhónach + mionsaothrú; is féidir dhá (trí) shéis éagsúla a chloisteáil in éineacht (veidhlíní + basún + dord); cuntrashéis ar bhasún i gcoinne téad íseal; cuntrashéis ar bhasún i gcoinne veidhlíní;<br><br>NB Ní gá tagairt a dhéanamh d'ilfhónach/do chuntrashéis chun marcanna iomlána a fháil. | 3 |
| **Sliocht 3: Joyful Joyful ó Sister Act** | | |
| **(e)** |  | 2 |
| **(f)** | Suas le 2 mharc le haghaidh cur síos ar chosúlacht bhailí amháin idir an ceol gutha agus líne 1 agus líne 3<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 |
| **(g)** | Neamhfhoirfe<br>Ceadaítear foirfe | 1 |
| **(h)** | Suas le 2 mharc le haghaidh cur síos bailí ar an tslí ina sroichtear buaic sa cheol i líne 7<br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2 |

| Sliocht 4: Joyful Joyful ó Sister Act | | |
| --- | --- | --- |
| **(i)** | Suas le 2 mharc le haghaidh cur síos bailí ar dhá dhifríocht bhailí idir an ceol a chloistear i Sliocht 4 agus an ceol a chloistear i sliocht 3. Ní mór tagairt a dhéanamh don dá shliocht sna freagraí.<br><br>Tagairt do difríocht sna liricí = 0<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 mharc | 2+ 2 |